

FOLÚNTAS

# Príomhshaineolaí ar Mhicribhitheolaíocht

Aonad: Feidhmeanna Sláinte Poiblí
Tagairt: ECDC/AD/2022/PHF-PEM

Tá iarratais á lorg ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

## Sainchuntas poist

Tá sé beartaithe ag ECDC duine amháin a earcú don phost thuasluaite. Tá sé ina aidhm ag ECDC freisin liosta ionadaithe a chur ar bun, a fhéadfar a úsáid le haghaidh folúntais ar bith sa réimse seo amach anseo.

Tuairisceoidh an Sealbhóir Poist do Cheannaire Grúpa an Ghrúpa um Micribhitheolaíocht agus Faireachas Móilíneach agus beidh sé nó sí ag obair sa Rannóg Faireachais san Aonad Feidhmeanna Sláinte Poiblí. Beidh sé/sí ag obair i ndlúthpháirt leis na foirne eile ón Rannóg Faireachais, ó chláir ghalair ECDC agus ó aonaid eile.

Beidh an sealbhóir poist freagrach as na réimsí oibre seo a leanas, go háirithe:

- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí micribhitheolaíochta ECDC a ailíniú ar an leibhéal straitéiseach agus a gcur chun feidhme a threorú, go háirithe maidir le tíopáil mhóilíneach a chomhtháthú san fhaireachas agus sna himscrúduithe ráige ar leibhéal an Aontais, acmhainneacht saotharlainne a mhapáil agus a neartú agus líonra Eorpach de shaotharlanna tagartha don tsláinte phoiblí a bhunú;
- Tionscadail laistigh den Ghrúpa Faireachais Mhóilínigh agus Micribhitheolaíochta a threorú agus a chomhordú;
- Comhairle eolaíoch agus comhairle theicniúil a sholáthar agus ardchaighdeáin eolaíocha a chothú i ngníomhaíochtaí agus aschuir an Lárionaid ar cinn iad a bhfuil baint acu leis an micribhitheolaíocht;
- Saineolas micribhitheolaíochta a sholáthar chun tacú le brath, freagairt agus measúnuithe riosca i dtaobh bagairtí sláinte, lena n-áirítear léirmhíniú a dhéanamh ar shonraí casta saotharlainne;
- Rannchuidiú le mearmheasúnuithe riosca a dhéanann ECDC agus le haschuir theicniúla eile;

- Tacaíocht eolaíoch a sholáthar do phríomh-gheallsealbhóirí amhail an Coimisiún Eorpach agus Ballstáit den Aontas Eorpach/Ballstáit LEE agus caidreamh láidir oibre a chothú leo;
- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí eile de chuid ECDC, de réir mar is gá, ina réimse saineolais féin;
- D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí air/uirthi a bheith páirteach sa chóras dualgais 24/7 atá ag ECDC.

# Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

## A. Ceanglais fhoirmiúla

Chun bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na ceanglais atá i gceist:

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile ceithre bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú le dioplóma agus taithí ghairmiúil ábhartha aon bhliain amháin ar a laghad sa chás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile trí bliana ar a laghad[1];
- Taithí ghairmiúil naoi mbliana ar a laghad[2] (tar éis bhronnadh an dioplóma);
- Eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais a mhéid is gá chun na dualgais a chomhlíonadh[3];
- A bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a cheart iomlán/a ceart iomlán mar shaoránach[4];
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme maidir le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

## B. Critéir roghnúcháin

Tá critéir riachtanacha maidir le taithí ghairmiúil agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn don phost seo. Is iad sin:

---

[1] Ní chuirtear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit den Aontas Eorpach nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin

[2] Cuirtear seirbhís mhíleata éigeantach san áireamh i ngach cás.

[3] I gcás iarrthóirí a bhfuil máthairtheanga acu nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais í nó arb é an Béarla a máthairtheanga, ní mór dóibh leibhéal an dara teanga a chruthú le teastas (B1 nó níos mó).
Ina theannta sin, chun bheith incháilithe d'ardú céime trí nós imeachta bliantúil um ardú céime, ní mór do na baill foirne eolas feidhmiúil a bheith acu ar thríú teanga de chuid an Aontais freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus sna Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

[4] Sula ndéanfar an ceapachán, iarrfar ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi deimhniú ó na póilíní a sholáthar ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige/aici.

### Taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil:

- Taithí ghairmiúil cúig bliana ar a laghad a gnóthaíodh i bpoist a bhaineann leis an sainchuntas poist;
- Taithí phraiticiúil dhá bhliain ar a laghad ar obair shaotharlainne, lena n-áirítear teicnící traidisiúnta agus teicnicí móilíneacha a chur i bhfeidhm chun miocróib a bhrath agus a thréithriú, i saotharlann thagartha mhicribhitheolaíochta ar an leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta más féidir é;
- Taithí cúig bliana ar a laghad ar eipidéimeolaíocht mhóilíneach fheidhmeach i leith galair thógálacha (i.e. faireachas agus imscrúdú ar ráigeanna agus freagairt dóibh);
- Taithí ar thréithriú antaigineach agus géiniteach pataiginí i gcomhthéacs staidéir chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le beartais sláinte poiblí;
- Scileanna cruthaithe maidir le faisnéis eolaíoch a chur in iúl d'údaráis, agus do lucht féachana níos leithne;
- Eolas maith ar bheartais agus gníomhaíochtaí ábhartha an Aontais agus tuiscint ar an ról atá ag ECDC maidir le hullmhacht sa tsláinte phoiblí, faireachas ar ghalair theagmhálacha agus freagairt ar bhagairtí trasteorann;
- Sárchumas i dtaobh an Bhéarla, idir scríofa agus labhartha.

### Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Taithí chruthaithe ar bhainistíocht tionscadal agus ar shaineolaithe nó foirne ildisciplíneacha a threorú;
- An cumas a bheith ag obair i gcomhar le daoine eile agus dlúthchaidreamh oibre a chothú;
- Tiomanta don fhoghlaim leanúnach agus a bheith ar an eolas maidir le forbairtí laistigh dá réimse saineolais;
- Sárscileanna maidir le hanailís a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach;
- Dírithe ar thorthaí a bhaint amach agus an cumas a bheith aige/aici obair a dhéanamh faoi bhrú, freagrachtaí a láimhseáil agus a bheith ag obair as a stuaim féin.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh an coiste roghnúcháin ceanglais níos doichte a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

# Comhdheiseanna

Is fostóir comhdheiseanna é ECDC agus molann sé do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh, gan aon idirdhealú bunaithe ar fhorais amhail aois, cine, polaitíocht, fealsúnacht nó creideamh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumas.

# Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist de réir gearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. Iarrfar ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an

ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Is mar Ghníomhaire Sealadach a earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, go ceann tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan. Déanfar an ceapachán seo chuig grád **AD 8**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne an Aontais go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh naoi mí i gcrích go rathúil.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140501

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

# Liosta ionadaithe

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí liosta ionadaithe a bhunú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás ina dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain chéanna ina dtitfidh an sprioc-am le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

# Nós imeachta iarratais

Chun iarratas a dhéanamh ar an bhfolúntas seo, cruthaigh cuntas/logáil isteach i do chuntas trí chóras ríomhearcaíochta ECDC, líon isteach gach cuid riachtanach den iarratas agus cuir isteach é. **Ní ghlacann ECDC le hiarratais a chuirtear isteach ar an ríomhphost, ar an bpost ná ar aon mhodh eile.**

Is é an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach ná an dáta a fhoilsítear san fhógra folúntais i mBéarla. Moltar duit d'iarratas a chur isteach tamall maith roimh an sprioc-am ar fhaitíos go mbeidh fadhbanna teicniúla agat agus/nó go mbeidh brú ar an suíomh gréasáin. Ní ghlacfaidh ECDC le haon iarratas tar éis an sprioc-ama. Nuair a bheidh d'iarratas curtha isteach agat, gheobhaidh tú teachtaireacht ríomhphoist uathoibríoch lena ndearbhófar go bhfuarthas d'iarratas. Cinntigh go bhfuil an seoladh ríomhphoist a thabharfaidh tú i do chuntas iarratasóra cruinn ceart agus go ndéanfaidh tú do ríomhphost a sheiceáil go rialta.

Tá **treoir d'úsáideoirí maidir le ríomhearcaíocht** agus treoir maidir le próiseas earcaíochta agus roghnúcháin ECDC le fáil ar ár suíomh gréasáin:

**https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process**

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Gheofar an t-aistriúchán[5] ar an bhfógra folúntais seo i dteangacha uile an Aontais anseo:

https://www.ecdc.europa.eu/en/about-ecdc/work-ecdc/recruitment/vacancies/vacancy-translations

[5] Cé gur aistríodh an fógra folúntais seo go gach teanga oifigiúil de chuid an Aontais ón mbunleagan Béarla, is é Béarla gnáth-theanga oibríochtaí na Gníomhaireachta ó lá go lá. Dá bhrí sin, is fearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.